C/2023/1525

13.12.2023

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Nollaig 2023

lena gceaptar triúr comhaltaí agus triúr comhaltaí malartacha chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh

(C/2023/1525)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ([1]), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 go bhfuil an Chomhairle le cúigear comhaltaí agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh chuig Bord Riaracháin na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ('an Bord Riaracháin').

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/942 nach bhfuil comhalta den Bhord Riaracháin le bheith ina chomhalta de Bhord Rialálaithe na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus go bhfuil comhaltaí an Bhoird Riaracháin le gníomhú go neamhspleách agus go hoibiachtúil chun leas an Aontais ina iomláine.

(3) I bhfianaise téarma oifige triúr comhaltaí agus bheirt comhaltaí mhalartacha den Bhord Riaracháin arna gceapadh ag an gComhairle a bheith ag dul in éag, déanfar ceapacháin nua a chur ina n-ionad.

(4) Ós rud é go ndéanfar iarrthóir amháin, atá ag gníomhú mar chomhalta malartach faoi láthair, a athcheapadh mar chomhalta malartach go ceann tréimhse ceithre bliana, ba cheart comhalta malartach eile a cheapadh chun teacht in ionad an chomhalta malartaigh sin ar feadh a bhfuil fágtha dá téarma oifige reatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas mar chomhaltaí chuig an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 28 Eanáir 2024:

— Bogdan Marius CHIRIȚOIU, an Rómáin,

— Tomasz DĄBROWSKI, an Pholainn,

— Karoline NARODOSLAWSKY, an Ostair.

Airteagal 2

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas mar chomhaltaí malartacha chuig an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 28 Eanáir 2024:

— Kristina ČELIĆ, an Chróit,

— Karin LUNNING, an tSualainn.

Airteagal 3

Leis seo, ceaptar an duine seo a leanas mar chomhalta malartach chuig an mBord Riaracháin ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 28 Eanáir 2024:

— Boris MAKŠIJAN, an Chróit.

([1]) IO L 158, 14.6.2019, lch. 22.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
N. CALVIÑO SANTAMARÍA